Comhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal

Cúlra agus Achoimre ar an Ról

Comhlacht reachtúil is ea an Ghníomhaireacht Tithíochta a bunaíodh faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Cuireann an Ghníomhaireacht comhairle agus tacaíocht ardchaighdeáin ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) maidir le seachadadh tithíochta agus seirbhísí tithíochta. Soláthraímid raon leathan seirbhísí lena n-áirítear:

- Seirbhísí Soláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste
- Rialachán Tithíochta
- Seirbhísí Taighde
- Soláthar agus Tionscadail
- Seirbhísí Comhroinnte agus Láraithe

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an nGníomhaireacht Tithíochta ag www.housingagency.ie.

I mí Iúil 2016 lainseáil an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine. Mar chuid den phlean sin tugadh an fhreagracht don Ghníomhaireacht Tithíochta as Aonad Soláthair Tithíochta a bhunú.

Oibreoidh an tAonad úr seo leis na húdaráis áitiúla agus CCTanna lena gcumas agus saineolas a fhorbairt chun freastal ar an scála agus castacht a bhaineann leis an gclár uaillmhianach maidir leis an bPlean Gníomhaíochta seo a sheachadadh. Beidh sé ar fáil chomh maith chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal agus mionteagaisc tionscadal i limistéir údaráis áitiúil, agus déanfaidh sé na próisis deartha agus tairisceana a bhainistiú do na húdaráis áitiúla agus na CCTanna, de réir mar is gá, lena n-áirítear sainchomhairleoirí agus conraitheoirí a sholáthar.

Tá iarratais á n-iarraidh anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir leis an bpost mar Chomhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal.

Príomhdhualgais

- Plean gnó a dhréachtú don Aonad Soláthair laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta, i gcomhairliúchán leis an Stiúrthóir Seirbhísí agus an bPríomhfheidhmeannach, agus a chur i bhfeidhm a bhainistiú

- Tacaíocht a thabhair d'údaráis áitiúla agus CCTanna ina seachadadh tithíochta ar na bealaí is éifeachtúla, lena n-áirítear socruithe traidisiúnta conarthacha, forbairtí lándéanta, comhaontuithe forbartha, comhfhiontair, conarthaí deartha agus tógála, dearadh ag fostóirí agus conarthaí oibreacha.
- Cúnamh agus tacaíocht a sholáthar d'Údaráis Áitiúla agus CCTanna i bhforbairt mionteagasc tionscadal
- Cur i gcrích measúnuithe féidearthachta láithreán a bhainistiú
- Tacaíocht ardleibhéil a sholáthar d'údaráis áitiúla agus CCTanna i dtaca le féachaint ar an réimse iomlán roghanna seachadta, lena n-áirítear mionteagaisc forbartha a ullmhú agus tús áite a thabhairt do roghanna lena dtugtar luath-achair ama seachadta.
- Oibriú go dlúth le Seirbhís Soláthair na nÚdarás Áitiúil, an Oifig um Sholáthar Rialtais agus NDFA lena chinntiú go ndéanfar iniúchadh ar na deiseanna chun éifeachtúlacht a bhaint amach
- Cúnamh a chur ar fháil d'údaráis áitiúla agus CCTanna maidir lena gcur chuige um idirbhearta soláthair agus réadmhaoine
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fháil d'údaráis áitiúla agus CCTanna maidir lena bpróisis soláthair.
- Treoirlínte um sholáthar, teimpléid agus doiciméid a bhaineann le roghanna seachadta tithíochta, agus idirbhearta soláthair agus réadmhaoine a fhorbairt
- Córais bainistíochta faisnéise chuí a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear comhlíonadh na gceanglas soláthair agus rialachais chorparáidigh a léiriú
- Comhairle agus tacaíocht maidir le forbairtí measctha (tionachtaí measctha agus ioncam measctha)
- Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhunú don Aonad Soláthair agus tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn a chur ar fháil
- Foireann bheag ildisciplíneach a bhainistiú, lena n-áirítear ról meantóireachta a dhéanamh.
- Caidreamh le geallsealbhóirí seachtracha a bhainistiú
- Comhairle agus treoir theicniúil a chur ar fáil do Stiúrthóir Seirbhísí agus do Phríomhfheidhmeannach an Gníomhaireachta Tithíochta maidir le próisis agus nósanna imeachta um sholáthar
- A bheith feasach i gcónaí faoi fhorbairtí agus athruithe reachtacha maidir le soláthar agus a bheith páirteach go gníomhach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach

- Dualgais nó freagrachtaí ar bith eile a shannfadh an Stiúrthóir Seirbhísí agus an Príomhfheidhmeannach.

Riachtanais Oideachais & Taithí

- Cáilíocht tríú leibhéal chuí sa disciplín ábhartha amhail Ailtireacht, Innealtóireacht, Suirbhéireacht Chainníochta, Pleanáil agus Forbairt, Soláthar nó disciplín a bhaineann le tógáil
- Taithí chuí ar bhainistíocht tionscadal
- Bheadh taithí ar Sholáthar Phoiblí ina bhuntáiste

Inniúlachtaí a theastaíonn

- **Pleanáil Straitéiseach –** saineolas teicniúil ábhartha a chur i bhfeidhm ar réimse féidearthachtaí agus meastóireacht iomlán a dhéanamh ar na himpleachtaí amach anseo a bheidh ag cinntí agus gníomhaíochtaí reatha
- **Bainistíocht Tionscadal -** modhanna oibre, próisis agus córais chuí a ghlacadh lena chinntiú go mbainfear spriocanna an aonaid amach
- **Ceannaireacht -** cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas ar spriocanna a leagan amach, cóitseáil agus deiseanna a chruthú d'fhorbairt
- **Scileanna Cumarsáide** - faisnéis a chur i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus láidir, ó bhéal agus i scríbhinn araon
- **Saineolas –** eolas faoin gceart beartas/reachtach tithíochta in Éirinn agus eolas faoi phróisis soláthair na hearnála poiblí

Scála Tuarastail - Ailtire Sinsearach

€63,832 - €65,553 - €67,406 - €70,518 - €73,639 - €77,138

LSI 1 - €79,841

LSI 2 - €82,538

Ceapfar iontrálaithe úra ar an gcéad phointe scála ar aon dul le beartas reatha an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm má tá tú ag fónamh faoi láthair mar státseirbhíseach/fhostaí sa tseirbhís phoiblí díreach roimh an gceapachán.

Spriocdháta: DÉ MÁIRT, AN 14 SAMHAIN, 2017 AG 12.00 NÓIN

Nós Imeachta Iarratais

- Ba chóir iarratais a chur isteach le ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie
- Ba chóir do gach iarratasóir litir chlúdaigh a chur isteach ina léirítear go gcreideann tú go bhfuil tú oiriúnach don ról seo, mar aon le Foirm Iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta. Cuirfear iarratasóir ar an ngearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil
- Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta ag www.housingagency.ie
- Ní ghlacfar iarratais neamhchríochnaithe nó mhalla ar bith.

Má dhiúltaíonn an duine a mholfar don cheapachán, nó i ndiaidh dó nó di an post a ghlacadh, go scarann sé nó sí leis nó má thagann folúntas breise ar bith chun cinn, féadfaidh an Ghníomhaireacht, de réir a rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.